Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12257/25**

**SOC 581**
**EMPL 391**
**GENDER 169**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne:<br>Ceapachán Katharina JESTAEDT, comhalta thar ceann na Gearmáine, in ionad Petra FOLLMER-OTTO, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoi Petra FOLLMER-OTTO a bheith éirithe as oifig mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i gcatagóir ionadaithe na rialtas (thar ceann na Gearmáine).

2. Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 an 20 Nollaig 2006[1], foráiltear, *inter alia*, gur cheart don Chomhairle ocht gcomhalta dhéag, chomh maith le comhaltaí malartacha, a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ionadaíocht d'ocht mBallstát déag in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

3. Le Cinneadh an 13 Bealtaine 2025[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2028.

4. Tá Katharina JESTAEDT molta ag Rialtas na Gearmáine chun ionad an chomhalta atá éirithe as oifig a ghlacadh, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2028.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, mar a leagtar amach in 12256/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A' agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (IO C, C/2025/2802, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2802/oj)